RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/952 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 maidir le hainm shealbhóir an údaraithe le haghaidh an táirge phríomhúil um blastán deataigh 'Tradismoke™ A MAX' (cód uathúil SF-007)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Samhain 2003 maidir le blastáin deataigh a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid i mbianna nó ar bhianna ([1]), agus go háirithe Airteagal 11 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2022, cuireadh iarratas isteach thar ceann Nactis ('an t-iarratasóir') i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003, ina iarradh athrú a dhéanamh ar ainm shealbhóir an údaraithe le haghaidh an táirge phríomhúil um blastán deataigh 'Tradismoke™ A MAX', a liostaítear sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 ón gCoimisiún ([2]).

(2) San iarratas, luaigh an t-iarratasóir go raibh an t-údarú le haghaidh an táirge phríomhúil um blastán deataigh 'Tradismoke™ A MAX' le haistriú chuig JRS, J. Rettenmaier & Söhne GmbH & Co. KG. Mar thaca lena ráiteas, chuir an t-iarratasóir fianaise ar fáil maidir le toiliú na bpáirtithe leis an aistriú i ndáil leis an táirge príomhúil um blastán deataigh 'Tradismoke™ A MAX'.

(3) Is athrú glan riaracháin é an t-athrú atá beartaithe ar shealbhóir an údaraithe agus dá bhrí sin ní dhéanfar measúnú úr ar an táirge lena mbaineann.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 a leasú dá réir.

(5) D'fhonn aistriú rianúil a áirithiú, is iomchuí a fhoráil maidir leis an táirge príomhúil um blastán deataigh 'Tradismoke™ A MAX', chomh maith le blastáin deataigh a dhíorthaítear uaidh agus bianna ina bhfuil an táirge príomhúil um blastáin deataigh nó blastáin deataigh a dhíorthaítear uaidh, a chomhlíonann na rialacha atá i bhfeidhm roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, go bhféadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus á n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013

Sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013, leasaítear an iontráil ar an táirge príomhúil um blastán deataigh 'Tradismoke™ A MAX' mar a leanas:

(1) sa tríú ró 'ainm shealbhóir an údaraithe', cuirtear na focail 'JRS, J. Rettenmaier & Söhne GmbH & Co. KG' in ionad an fhocail 'Nactis';

([1]) IO L 309, 26.11.2003, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2013 lena mbunaítear liosta an Aontais de tháirgí príomhúla um blastán deataigh údaraithe atá le húsáid mar tháirgí den sórt sin i mbianna nó ar bhianna agus/nó chun blastáin deataigh díorthaithe a tháirgeadh (IO L 333, 12.12.2013, lch. 54).

(2) sa cheathrú ró 'seoladh shealbhóir an údaraithe', cuirtear na focail 'Holzmühle 1, 73494 Rosenberg, AN GHEARMÁIN' in ionad na bhfocal '36, rue Gutenberg – ZI La Marinière, 91070 Bondoufle, AN FHRAINC'.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

An táirge príomhúil um blastán deataigh 'Tradismoke™ A MAX' a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013, chomh maith le blastáin deataigh a dhíorthaítear uaidh agus bianna ina bhfuil an táirge príomhúil um blastán deataigh nó na blastáin deataigh a dhíorthaítear uathu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 4 Meitheamh 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 4 Meitheamh 2023 féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN